Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Iúil 2026
(OR. en)

11509/26

ENER 495
CLIMA 381
CONSOM 227
TRANS 483
AGRI 571
IND 471
ENV 905
FORETS 104
DELACT 105

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 4577 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 2.7.2026<br>lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2202 tríd an liosta de thionscadail roghnaithe trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a thabhairt cothrom le dáta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 4577 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 4577 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.7.2026
C(2026) 4577 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 2.7.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2202 tríd an liosta de thionscadail roghnaithe trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a thabhairt cothrom le dáta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an Rialachán Tarmligthe seo, tugtar cothrom le dáta an liosta de thionscadail roghnaithe trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite ('tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite').

Rannchuidíonn na tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite leis an dícharbónú, leis an margadh inmheánach fuinnimh a chomhlánú agus le feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair. Cuimsítear iad i gcomhaontú comhair nó in aon chineál eile socraithe a bhíonn ann idir dhá Bhallstát nó níos mó nó i socruithe a bhíonn ann idir Ballstát amháin nó níos mó agus tríú tír amháin nó níos mó. Tá na socruithe de réir mar a leagtar amach in Airteagail 8, 9, 11 agus 13 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

Le hAirteagal 25(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa[2], ceanglaítear ar an gCoimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh chun liosta de thionscadail roghnaithe trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta. Tá an liosta bunaithe ar an dréachtliosta a chomhaontaigh an Grúpa Saineolaithe de chuid an Choimisiúin um thionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite. Tagraítear don ghrúpa i gCuid IV, pointe 4(b), den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus sonraítear a thuilleadh é i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/342 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na critéir roghnúcháin shonracha agus mionsonraí an phróisis chun tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a roghnú[3] ('an Grúpa Saineolaithe').

Glacadh an chéad liosta le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2202 ón gCoimisiún an 29 Lúnasa 2022[4]. Leasaíodh é ina dhiaidh sin le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2639 ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2023[5], le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2613 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2024[6], agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2514 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2025[7].

---

1 Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj).

2 IO L 249, 14.7.2021, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1153/oj.

3 Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/342 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na critéir roghnúcháin shonracha agus mionsonraí an phróisis chun tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a roghnú (IO L 62, 1.3.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/342/oj).

4 Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2202 ón gCoimisiún an 29 Lúnasa 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta de thionscadail roghnaithe trasteorann i réimse an fhuinnimh inathnuaite a leagan síos (IO L 293, 14.11.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2202/oj).

5 Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2639 ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2202 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta de thionscadail trasteorann roghnaithe i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a leagan síos (IO L, 2023/2639, 27.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2639/oj).

6 Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2613 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2024 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2202 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta de thionscadail trasteorann roghnaithe i réimse an fhuinnimh in-

I bhfianaise an chúigiú glao ar iarratas ar thionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite, ní mór an liosta a thabhairt cothrom le dáta.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe maidir leis an Rialachán Tarmligthe seo an 16 Aibreán 2026. Chomhaontaigh an Grúpa Saineolaithe dréachtliosta de thionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite ar bhonn mheastóireacht an Choimisiúin. Níl an liosta deiridh de na tionscadail a bhunaítear leis an Rialachán Tarmligthe seo difriúil leis an liosta a chomhaontaigh an Grúpa Saineolaithe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an Rialachán Tarmligthe seo, cuirtear trí thionscadal trasteorann nua i réimse an fhuinnimh in-athnuaite le liosta na dtionscadal roghnaithe trasteorann, ar tionscadail iad a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin a leagtar síos le Rialachán (AE) 2021/1153 agus critéir roghnúcháin shonracha agus mionsonraí an phróisis roghnúcháin a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/342 ón gCoimisiún. Na tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite atá i gceist, rannchuidíonn siad le baint amach an chuspóra a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (b)(ii), de Rialachán (AE) 2021/1153, a shonraítear a thuilleadh in Airteagal 7 agus i gCuid IV, pointe 1, den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

athnuaite a leagan síos (IO L, 2024/2613, 1.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/2613/oj).

[7] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2514 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2202 tríd an liosta de thionscadail roghnaithe trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a thabhairt cothrom le dáta.(IO L 2025/2514, 23.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/2514/oj).

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 2.7.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2202 tríd an liosta de thionscadail roghnaithe trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a thabhairt cothrom le dáta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014[1], agus go háirithe Airteagal 25(1), pointe (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2021/1153, bunaítear catagóir tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a rannchuidíonn leis an dícharbónú, leis an margadh inmheánach fuinnimh a chomhlánú agus le feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh. De bhun Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2021/1153, bunaítear na tionscadail trasteorann sin trí bhíthin comhaontú comhair idir dhá Bhallstát nó níos mó, nó idir aon Bhallstát amháin nó níos mó agus aon tríú tír amháin nó níos mó mar a leagtar amach in Airteagail 8, 9, 11 agus 13 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

(2) Tá roghnú na dtionscadal trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite faoi réir na gcritéar agus na nósanna imeachta ginearálta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1153 agus faoi réir critéir roghnúcháin shonracha bhreise agus mionsonraí an phróisis roghnúcháin a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/342 ón gCoimisiún[3].

(3) Roghnaítear tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite agus cuimsítear iad ar liosta arna tharraingt suas chun na críche sin trí bhíthin gníomhartha tarmligthe.

(4) Mar thoradh ar chuimsiú tionscadal trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite ar an liosta, bíonn siad incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chistiú faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.

(5) Tar éis glao ar thograí a foilsíodh an 2 Meán Fómhair 2025 agus a dúnadh an 5 Feabhra 2026, roghnaíodh trí thionscadal trasteorann nua i réimse an fhuinnimh in-

[1] IO L 249, 14.7.2021, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1153/oj.

[2] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj).

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/342 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na critéir roghnúcháin shonracha agus mionsonraí an phróisis chun tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a roghnú (IO L 62, 1.3.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/342/oj).

athnuaite. Rinne saineolaithe seachtracha agus saineolaithe ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol agus ón gCoimisiún measúnú ar na tionscadail a roghnaíodh. Rinneadh iniúchadh sa mheasúnú go háirithe ar shaothrú costéifeachtach an fhuinnimh in-athnuaite agus ar chur chun feidhme na dtionscadal trí theicneolaíochtaí éagsúla fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear fuinneamh geoiteirmeach, gaoth ar talamh agus grianfhuinneamh fótavoltach.

(6) Thug an Coimisiún fógra faoi thorthaí an mheasúnaithe a bhaineann leis na tionscadail roghnaithe trasteorann nua i réimse an fhuinnimh in-athnuaite don Ghrúpa Saineolaithe um thionscadail trasteorann i réimse an fuinnimh in-athnuaite[4] ('an Grúpa Saineolaithe'). Tar éis comhaontú a fháil ón nGrúpa Saineolaithe, ba cheart na tionscadail roghnaithe trasteorann nua i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a chuimsiú sa liosta.

(7) Tá cuimsiú tionscadal ar an liosta de thionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite faoi réir chomhlíonadh dhlí an Aontais acu, lena n-áirítear toradh an mheasúnaithe ábhartha comhshaoil agus na nósanna imeachta um cheadú.

(8) Chun Cuid IV, pointe 4(h), den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1153 a chur chun feidhme, chuir an Coimisiún an tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn maidir leis na tionscadail atá ar an liosta de thionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite faoi bhráid an Ghrúpa Saineolaithe cheana féin. Sainaithníodh sa tuarascáil ar dhul chun cinn tionscadal amháin nach leanfar dá chur chun feidhme ina chumraíocht trasteorann atá ann faoi láthair mar gheall ar dhúshláin agus éiginnteachtaí móra. Tar éis comhaontú a fháil ón ngrúpa, ba cheart an tionscadal trasteorann sin i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a bhaint den liosta.

(9) Ba cheart, dá réir sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2202 ón gCoimisiún[5] a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2202:

'*Airteagal 1*

Seo a leanas an liosta de na tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a roghnaíodh de bhun na hIarscríbhinne, Cuid IV, pointe 4(g), a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1153:

---

4 Dá dtagraítear i gCuid IV, pointe 4(b), den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus a shonraítear a thuilleadh i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/342 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1153 a mhéid a bhaineann leis na critéir roghnúcháin shonracha agus mionsonraí an phróisis chun tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a roghnú.

5 Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2202 ón gCoimisiún an 29 Lúnasa 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta de thionscadail roghnaithe trasteorann i réimse an fhuinnimh inathnuaite a leagan síos (IO L 293, 14.11.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2202/oj).

| Uimhir an tionscadail | Ainm an tionscadail | Forbróirí an tionscadail | Na tíortha rannpháirteacha |
|---|---|---|---|
| 2022-05 | ELWIND – Tionscadal hibrideach comhpháirteach na hEastóine-na Laitvia le haghaidh gaoth amach ón gcósta | Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Cumarsáide na hEastóine; Aireacht Eacnamaíochta Phoblacht na Laitvia | An Eastóin agus an Laitvia |
| 2022-07 | CICERONE-CEO – Comhghuaillíocht Eorpach Trasteorann le haghaidh Slabhra Luacha Hidrigine Glaise | Essent Hydrogen B.V.; IBERDROLA CLIENTES S.A.U. | An Ghearmáin, an Ísiltír, agus an Spáinn |
| 2022-10 | UNITED HEAT – Téamh ceantair aeráidneodrach sa chathair Eorpach Goerlitz Zgorzelec – | Stadtwerke Görlitz AG; SEC Zgorzelec Sp. z o.o. | An Ghearmáin agus an Pholainn |
| 2023-2 | ULP-RES WP – Páirc Ghaoithe Utilitas Lode-Penuja RES | Utilitas Wind SIA; Utilitas Wind OÜ | An Eastóin agus an Laitvia |
| 2023-3 | SLOWP – Páirc Ghaoithe Amach ón gCósta Saare-Liivi | Utilitas Wind OÜ | An Eastóin agus Lucsamburg |
| 2023-6 | TMNHSA – Tionól Struchtúr Hiodrálach Turnu Magurele-Nikopol | Natsionalna Elektricheska Kompania EAD;<br>S.P.E.E.H. HIDROELECTRICA S.A. | An Bhulgáir agus an Rómáin |
| 2023-7 | BEI – Oileán Fuinnimh Bornholm | Aireacht Aeráide, Fuinnimh agus Fóntas | An Danmhairg agus an Ghearmáin |
| 2024-1 | CORES – Staidéir Chuimsitheacha maidir le hAcmhainneacht i dtaobh Fuinneamh In-Athnuaite Amach ón gCósta | DGEG – Direção Geral de Energia e Geologia | Lucsamburg agus an Phortaingéil |
| 2024-2 | Giniúint In-Athnuaite Medlink – MedGen | Zhero Europe B.V.: Eintiteas dlíthiúil príobháideach i mBallstát (NL – | An Ailgéir, an Iodáil agus an Túinéis |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | comhordaitheoir)<br>Medlinks Algeria B.V.: Eintiteas dlíthiúil príobháideach i mBallstát (NL – tionscnóir)<br>Medlinks Tunisia B.V. Eintiteas dlíthiúil príobháideach i mBallstát (NL – tionscnóir) | |
| 2024-3 | Páirc Ghaoithe Utilitas Eleja-Joniski – UELJO WP | Utilitas Wind SIA;<br>Utilitas Wind UAB | An Laitvia agus an Liotuáin |
| 2024-4 | Páirc Ghaoithe amach ón gCósta LiiviBay | Enefit Green AS | An Eastóin agus an Laitvia |
| 2024-6 | Claochlú glas an téimh ceantair i nascbhailte Słubice & Frankfurt (Oder) – Twin Heat | SEC Region Sp. z o.o agus Stadtwerke Frankfurt (Oder) GmbH | An Ghearmáin agus an Pholainn |
| 2025-2 | Comhthathú Gaoithe le haghaidh Dícharbónú Líonra – WIND | DTEK | An Rómáin agus an Úcráin |
| 2025-4 | Dícharbónú Braislí Tionsclaíocha ag Réigiún Teorann na Polainne agus na Gearmáine trí Stáisiún Cumhachta Comhtháthaithe Trasteorann a Chur in Úsáid – DEPLOY | ENERTRAG SE | An Ghearmáin agus an Pholainn |
| 2025-5 | Líonra teasa astaíochta nialasaí lena nasctar an Ghearmáin agus an Ostair – ZEGA-LINNK | Geothermie-Wärmegesellschaft Braunau-Simbach mbH | An Ostair agus an Ghearmáin’ |

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2.7.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*